


13. Achoimre ar an Aiseolas ón Sainchomhairliúchán – Do Thuairimí

Réamhrá and Léargas Ginearálta na nAighneachtaí

I bhFeabhra 2012, sheol an tAire Simon Coveney T.D cáipéis sainchomhairliúcháin dar teideal **Saibhreas Ár nAigéin: Do Thuairimí a Lorg**: Sheol an tAire Simon Coveney T.D. **Bealaí Nua; Cur Chuige Nua; Smaointeoireacht Nua**. Chuir an phlécháipéis deich gceist i láthair deartha chun tuairimí agus smaointe an phobail a bhailiú maidir le fás inbhuanaithe a ghiniúint inár ngeilleagar mara. Cuireadh fáilte roimh thuairimí agus smaointe breise agus reáchtáladh díospóireacht phoiblí trí fhóram plé ar líne, rud a chuidigh le heolas a thabhairt do lucht déanta-bheartais mhara agus a chuir feabhas ar chaighdeán cinntí a baineadh amach agus seirbhísí a soláthraíodh.

Fuarthas céad agus nócha dó aighneacht ó réimse leathan geallsealbhóirí lena n-áirítear eagraíochtaí/coistí de chuid an Rialtais/an Stáit (22); NGO (5); daoine aonair (106); grúpaí pobail áitiúla (8); SME, MNC agus fiontair phríobháideacha eile (21); Eagraíochtaí Tionscail, Trádála agus Proifisiúnta (17); Institiúidí Ardoideachais & Higher Education Institutions & Cuibhreannais Taighde (11); agus Eagraíochtaí/Ionadaithe Polaitiúla (2). Mar chuid den phróiseas sainchomhairliúcháin, chuir an tAire Coveney, T.D. agus ionadaithe ón nGrúpa Comhordaithe Mara an tionscnamh i láthair Chomhchoiste an Oireachtais ar Chumarsáid, Acmhainní Nádúrtha agus Talmhaíocht. Chuir an Coiste aighneacht²⁷ i gcrích freisin maidir le Saibhreas Ár nAigéin, ag cur fáilte roimh phlean an Rialtais chun tús a chur le forbairt Plean Comhtháite Muirí d'Éirinn agus a thacaíonn go láidir saothrú inbhuanaithe ár n-acmhainní mara. Aithníonn an aighneacht freisin cumas agus acmhainn iontach na mara chun fostaíocht, saibhreas, deiseanna tráchtála a chruthú chomh maith le hacmhainní comhshaoil agus fóillíochta. Soláthraíodh barúlacha sonracha freisin i ndáil le forbairtí do bharshaothraithe agus bia mara san aighneacht.



27 <http://www.oireachtas.ie/parliament/media/Agreed-Submission-on-'Our-Ocean-Wealth'-from-JCNRA-060612.pdf>

Eochairthéamaí agus Teachtaireachtaí

I dTreo Plean Comhtháite Muirí d'Éirinn

Ar an iomlán, chuir na freagróirí fáilte roimh an gcomhairliúchán poiblí i bhforbairt Plean Comhtháite Muirí agus thug siad a dtacaíocht dó freisin. Leagadh béim ar an riachtanas le haghaidh rannpháirtíocht agus comhairliúchán leanúnach ón bpobal, ag cur béime ar ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach. Cuireadh béim ar an riachtanas an plean seo a bhuntacú le creat comhtháite éifeachtach, ina bhfuil freagrachtaí leagtha amach go soiléir. Cuireadh béim freisin sna haighneachtaí ar an ngá gnéithe forbartha comhshaoil agus sóisialta a léiriú agus an díriú ar dhiminsin eacnamaíocha amháin a sheachaint.

An Fhís

Soláthraíodh leis an bplécháipéis dréachfhís le haghaidh *Saibhreas Ár nAigéin*. D'aontaigh freagróirí le chur chuige ginearálta na dréachfhíse le roinnt moltaí maidir le creataí ama malartacha indéanta agus níos mó fócais ar thairbhí neamheacnamaíocha. Moladh freisin gur chóir tagairt a chur san áireamh san fhís do rialachas comhoibrithe agus comhtháite, forbairt inbhuanaithe, cosaint an chomhshaoil, nuálaíocht agus forfheidhmiú éifeachtach an Phlean Chomhtháite Mhuirí.

Cuspóirí i ndáil le Saibhreas Ár nAigéin

Leagadh béim leis an bplécháipéis gur gá ár bhfeidhmiú eacnamaíoch ónár n-achmainní mara a fheabhsú go substaintiúil, ós rud é gur ghin na hacmhainní seo €3.4 billiún i láimhdeachas nó 1.2% OTI, sa bhliain 2007. Moladh raon leathan spriocanna, amháil €2.1 go €34 billiún i láimhdeachas bliantúil agus 1.5% go 10% OTI. Mhol tromlach na bhfreagróirí gur chóir sprioc a leagan amach idir €5 agus €7 billiún i láimhdeachas bliantúil, nó 1.5%-2.5% OTI. Mhol roinnt aighneachtaí go mbeadh úsáid TEV (Luach Eacnamaíoch Iomláin) ina thomhas níos fearr ar ranníocaíocht an gheilleagair mhara. Mhol freagróirí creataí ama malartacha maidir leis na spriocanna seo le haighneachtaí i bhfabhar creataí ama ar théarmaí níos giorra agus níos faide araon. Aibhsíodh an tairbhe i ndáil le díriú ar earnálacha sonracha (i.e. Turasóireacht agus Fóillíocht Mhuirí agus Chósta, Fuinneamh Mara In-Athnuaithe agus Neamh-In-Athnuaithe, agus Iompar Muirí) chun fás eacnamaíoch iomlán earnáil na mara a bhaint amach.

Cumasóirí

D'iarr na ceisteanna a cuireadh sa phlécháipéis ar an bpobal a thuairimí agus smaointe a roinnt ar na coinníollacha is gá chun fás a bhaint amach in earnáil na mara. Leagtar síos thíos forbhreathnú thuairimí agus smaointe na gcumasóirí aitheanta go sonracha sa phlécháipéis, agus aithníodh cumasóirí eile trí aighneachtaí (i.e. cosaint an chomhshaoil, bonneagar agus sábháilteacht mhuirí, slándáil mhuirí agus faireachas muirí).

Rialachas Muirí, Beartas Muirí agus Reachtaíocht Mhuirí

Bhí aontachas suntasach ann maidir leis an gá do rialachas comhtháite ar earnáil na mara le ról shoiléire agus freagrachtaí soiléire dáilte ar ranna agus gníomhaireachtaí rialtais. Léiríodh go bhfuil gá le comhairliúchán poiblí agus rannpháirtíocht phoiblí leanúnach i Rialachas Mara. Cuireadh an-fháilte roimh an gceannasaíocht a léirigh Roinn an Taoisigh i dtionscnamh *Saibhreas Ár nAigéin*. Bhí roinnt moltaí ann Roinn na Mara a athbhunú, gníomhaireacht le freagracht aonair nó meicníocht éifeachtach comhoibrithe. Cuireadh san áireamh i roinnt aighneachtaí freisin glaoch ar bhallraíocht an Ghrúpa Chomhordaithe Mhuirí a leathnú chun Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann, HEI-anna, NGO-anna, agus ionadaithe tionscadail a chur san áireamh. Bhí roinnt tuairimí ag teacht salach ar a chéile maidir leis an méid gur chóir do rialachas áitiúil a bheith mar ghné d'fhorbairt earnáil na mara.

Bhí aontachas ginearálta ann gur chóir beartais earnáil na mara a chomhtháthú ag an leibhéal is airde agus go gcaithfear iad a dhíriú ar Éirinn a bhunú mar áit tharraingteach chun gnó a dhéanamh. Moladh gur féidir é seo a bhaint amach trí chórais fhioscacha fabhracha, straitéisí a bhaineann le hearnáil ar leith agus forbairt ar an mbonneagar. Léiríodh in aighneachtaí gur gá píosáí áirithe reachtaíochta a leasú chun an próiseas forbartha a shimpliú agus chun rochtain ar an bhfarraige a fheabhsú. Aithníodh an gá rialacháin earnála a leasú mar riachtanas ríthábhachtach, chun áiritiú go mbeidh siad oiriúnach don fheidhm agus in-fheidhmithe chun fás san earnáil a éascú.

Pleanáil agus Ceadúnú

Bhí aontachas láidir ann go bhfuil gá ann do chórais phleanála níos fearr chun an fhorbairt inbhuanaithe a sholáthar. Mheas roinnt gur gné riachtanach é Pleanáil Spásúlachta Mara chun úsáid ár n-acmhainní mara a bharrfheabhsú. Measadh gur uirlís í an phleanáil spásúlachta mara agus nár chóir féachaint uirthi mar réiteach iomlán ar réiteach coinbhleachta. Tugadh faoi deara go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh baint leanúnach ag na geallsealbhoirí i ndearadh na huirlise seo. Léiríodh in aighneachtaí gur gá cleachtaí i ndlínsí eile a chur san áireamh. Tugadh faoi deara go bhfuil sé ríthábhachtach pleanáil spásúlachta mara a nascadh le bainistiú comhtháite creasa cósta mar chreat uileghabhálach a bheidh ag éabhlóidiú go leanúnach a dhíríonn ar fhorbairt inbhuanaithe fhadtéarmach.

Measadh i roinnt aighneachtaí gurb é córas ceadúnaithe éifeachtach an cuidiú is mó a d'fhéadfadh an earnáil phoiblí a dhéanamh d'fhorbairt earnáil na mara. Tugadh faoi deara i roinnt mhaith aighneachtaí go gcuireann na córais cheadúnaithe reatha cosc ar fhás (m.sh. ceadúnú urthrá agus doharshaothraithe agus cead pleanála). Measadh gur chóir go mbeadh córais den sórt sin oiriúnach don fheidhm, tapa, de réir a chéile, éifeachtúil agus trédhearcach chun infheistíocht a mhealladh.

Taighde, Teicneolaíocht, Eolas agus Nuálaíocht

Léiríodh in aighneachtaí go gcaithfidh an Plean Comhtháite Muirí fócasú ar mhaoiniú taighde i réimsí chun tosaigh don fhorbairt a éascú agus ag an am céanna ag éascú comhoibriú riachtanach idir institiúidí agus gníomhaireachtaí. Moladh i roinnt aighneachtaí gur chóir creata oibre agus Tascfhórsaí éagsúla a bhunú chun gníomhaíochtaí taighde a dhíriú níos fearr ar earnáil na mara agus an gá le braislí a fhorbairt san earnáil chun infheistíocht a mhealladh. Rinneadh tagairt go minic don riachtanas tráchtálú an taighde a fheabhsú agus iarradh ar HEI-anna an cúram tosaíochta seo a chur orthu féin, le cúnamh tacaíocht gníomhaireachta stáit agus trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha. Moladh gur chóir go mbeadh gníomhaireachtaí maoinithe curtha ar chomhréim ar bhealach níos fearr chun áiritiú go mbeadh maoiniú cuí dáilte chuig gníomhaíochtaí taighde in earnáil na mara.

Bonneagar

Measadh gur príomhchumasóir maidir le forbairt earnáil na mara an bonneagar. Léiríodh i líon suntasach na n-aighneachtaí go bhfuil gá le straitéis náisiúnta um bonneagar i limistéir chósta ós rud é go bhfuil an bonneagar reatha faoi bhun an chaighdeáin idirnáisiúnta agus gur bac sonrath ar fhorbairt é seo. Aithníodh i roinnt aighneachtaí go bhfuil pobail oileán go háirithe ag brath ar forbairt ar bhonneagar den sórt sin. Measadh go bhfuil sé riachtanach forbairtí ar bhonneagar a chatagóiriú de réir gníomhaíochtaí, limistéir, práinne, agus leibhéal na forbartha nó cothabhála is gá. Aithníodh an riachtanas idirspéachais a aithint idir earnálacha i ndáil le bonneagar freisin. Agus gnéithe na mbonneagar seo á soláthar, moladh go bhfuil sé riachtanach iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht i ndáil le comhpháirtíochtaí poiblí agus príobháideacha. Léiríodh i roinnt aighneachtaí INFOMAR (clár maidir le léarscáiliú ghrinneall na farraige) mar shampla ar chlár cumasaithe de bhonneagar náisiúnta uileghabhálach ráthúil agus tábhachtach.

Sábháilteacht, Slándáil agus Faireachas Mara

Measadh tábhacht an chumasóra seo i bhforbairt earnáil na mara mar chumasóir suntasach mar soláthraíonn sé deimhneacht agus trédhearcacht d'infheisteoirí amach anseo san earnáil agus measadh gur gné riachtanach é le haghaidh dea-rialachais. Aithníodh in aighneachtaí go bhfuil sé riachtanach ról Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann agus Gharda Cóta na hÉireann a léiriú. Moladh go mbeadh gá ann gnéithe slándála muirí an Phlean Chomhtháite Mhuirí a chur ar chomhréim le Beartas Comhtháite Muirí an AE agus Straitéis Slándála Muirí an AE amach anseo. Chuir roinnt de na haighneachtaí in iúl nár dhéileáil an phlécháipéis go leordhóthanach le saincheist na slándála comhshaoil muirí. Moladh gur chóir go mbeadh rochtain níos fearr ag an tSeirbhís Chabhlaigh ar theicneolaíocht níos fearr agus í i mbun faireachais agus iad ag áirithiú slándáil mhuirí. Rinneadh moltaí maidir le hacmhainní a roinnt le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile.

Cumas, Oideachas, Oiliúint agus Feasacht

Aithníodh le haighneachtaí go bhfuil gá ann le haghaidh níos mó acmhainní daonchumhacht oilte agus measúnú ar scileanna na toadhchá chun feidhm a bhaint as acmhainn earnáil na mara. Sonraíodh i roinnt aighneachtaí an tábhacht i ndáil le hábhair atá glaolmhar leis an mara a bheith ar an gcuraclam ag gach leibhéal oideachais. Aithníodh an riachtanas maidir le féidearthachtaí gairme in earnáil na mara a chur chun cinn mar eochairghné i bhforbairt earnáil an oideachais. Ag an tríú leibhéal, moladh gur chóir do na HEI-anna dul sa tóir ar naisc níos láidre tionsclaíochta agus ar thairiscintí cúrsaí feabhsaithe chun áirithiú go gcomhlíonfar riachtanais fhorbairt earnáil na mara. Léiríodh an riachtanas i náil le deiseanna oiliúna gairmiúla agus leanúnacha, chomh maith le cúrsaí oiliúna do phobail chósta áitiúla.

Léiríodh in aighneachtaí go bhfuil gá ann ár bhféiniúlacht mhuirí a neartú agus moladh bearta amhail páirtíocht luath ó na gealsealbhóirí, cláir for-rochtana don phobal (m.sh. 'Seachtain na Farraige') agus fiontraíocht a spreagadh i bpobail chósta ionas go mbeidh tuiscint níos fearr acu ar úinéireacht ár n-acmhainne mara. Spreagadh pobail chun bheith níos páirtí inár gcumas muirí agus chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na hearnála. Aithníodh pobail chósta áitiúla mar phríomhghníomhairí in earnálacha na mara áirithe, m.sh. turasóireacht agus fóillíocht. Léiríodh gur gá páirtíocht leis an bhfarraige i gcúrsaí fóillíochta a chur chun cinn agus gur gá ár bhfeasacht agus ár bhféiniúlacht maidir le *Saibhreas Ár nAigéin* a neartú. Moladh gur féidir é seo chothú m.sh. trí úsáid na nithe seo a leanas: craolachán, an tIdirlíon, ambasadóirí muirí agus trí Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann agus Gharda Cóta na hÉireann a bheith i láthair ag ócáidí muirí.

Cosaint an Chomhshaoil agus Éiceachórais – Glan – Glas – Mara

Tháinig caomhnú acmhainní an chomhshaoil chun tairbhí a bhaint amach do chách agus chun an leas coiteann a chur chun cinn anuas chun cinn go minic sna haighneachtaí mar théama. Iarradh ar lucht déanta beartas tiomantas a thabhairt maidir le forbairt inbhuanaithe. Moladh gurb é an bealach is fearr cosaint an chomhshaoil a bhaint amach trí rialúcháin agus ceadúnaithe atá cuí, éifeachtach agus taighde leordhóthanach déanta orthu agus a ndéantar na creataí seo a chur i bhfeidhm agus a mhonatóiriú go héifeachtach. Léiríodh an gá le sonraí a bhailiú agus a iniúchadh go cuí, chomh maith le húsáid Measúnachtaí Tionchair Timpeallachta. Cuireadh béim ar an riachtanas oibleagáidí timpeallachta an AE agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh go hiomlán.

Pléadh cosaint an chomhshaoil a chothromú le fás eacnamaíoch agus iarradh ar an earnáil phríobháideach dul chun tosaigh maidir le saothrú agus forbairt inbhuanaithe agus éiceabhách trí mhodhanna agus chleachtaí neamhdhíobhálacha don chomhshaoil. Maidir leis an tsaincheist i ndáil le chórais cheadúnaithe agus cheadta chun forbairt a rialú, moladh gur chóir don earnáil phríobháideach íoc isteach i gciste teagmhais timpeallachta chun monatóireacht agus póilíneacht a thacú. Aithníodh go mbeidh ról tábhachtach ag pobail chun áirithiú go gcoinnítear caighdeán timpeallachta. Measadh le roinnt aighneachtaí gur chóir go mbeadh sonraí monatóireachta agus comhlíonta i ndáil le ceadúnú ar fáil go poiblí chun trédhearcacht sna córais seo a áirithiú.

Forbairt Gnó, Margáíocht agus Cur Chun Cinn

Aithníodh gur gá Éire a chur chun cinn mar láthair le haghaidh fhorbairt earnáil na mara i gcomhlíonadh na gcaighdeán timpeallachta is airde, agus go bhfuil sí oscailte agus tarraingteach mar áit chun gnó a dhéanamh. Nochtadh in aighneachtaí margáíocht reatha na hÉireann mar gheilleagar glas, ar talamh agus an mhian seo Éire a chur chun cinn mar gheilleagar “glas agus muirí” agus an cur chun cinn seo a leathnú amach. Aithníodh gur gá cur chun cinn a dhéanamh in earnálacha sonracha (m.sh. bia mara na hÉireann, turasóireacht agus fóillíocht mhara agus chósta agus oidhreacht mhuirí). Léiríodh freisin gur bunchumasóirí iad chun forbairt gnó sonraí claonta margaidh agus tomhaltóirí in earnálacha sonracha, sonraí socheacnamaíocha maidir le iarmhairt fhorbairt earnáil na mara, agus sonraí agus bailiú sonraí léarscáiliú ar ghrinneall na farraige.

Comhoibriú Idirnáisiúnta agus Thuaidh/Theas

Measadh gur chóir d'Éirinn iarracht a dhéanamh ionadaíocht agus idirbheartaíocht níos láidre a bhaint amach ar leibhéal an AE. Cuireadh béim ar na deiseanna a bhaineann le Straitéis an AE don Atlantach agus le hUachtaránacht na hÉireann ar an AE sa bhliain 2013. Moladh gur chóir dul i gcomhairle le hionadaithe aitiúla ar bhealach níos fearr maidir le staid idirbheartaíochta na hÉireann. Aithníodh an CFP mar phríomhréimse gur chóir d'Éirinn díriú uirthi agus í ag dul sa tóir ar athchóiriú uailmhianach. Bhí éagothroime in aighneachtaí maidir leis an tionchar a bhíonn ag reachtaíocht chomhshaoil an AE ar fhás agus ar fhorbairt earnáil na mara. Léiríodh in aighneachtaí freisin ról na hearnála príobháidí i ndáil le brústocaireacht um athruithe beartais ar leibhéal an AE. Moladh gur chóir glacadh le cur chuige trasteorann agus trasnáisiúnta i ndáil le rialachas agus forbairt earnáil na mara chun feidhm a bhaint as ár gcumas fáis amach anseo.

Earnálacha

Loingseoireacht, Calafóirt agus Seirbhísí

Aithníodh go bhfuil an cúnamh a thagann ón earnáil loingseoireachta, chalafort agus sheirbhísí ríthábhachtach maidir le tearnamh gheilleagar na hÉireann. Aithníodh in aighneachtaí deiseanna chun tuilleadh forbartha a dhéanamh san earnáil; lena n-áirítear mol um loingseoireacht idirnáisiúnta agus um sheirbhísí loingseoireachta agus réimsí margaidh nideoige maidir le forbairt a bhunú in Éirinn (m.sh. fuinnimh in-athnuaite, turasóireacht agus fóillíocht, seirbhísí oiliúna agus tacaíochta). Cuireadh fáilte roimh an Ráiteas um Beartas Calafort molta agus measadh gur deis é chun pleanáil chomtháite a cheadú ionas go mbeidh an cumas ag calafóirt na hÉireann glacadh le margaidh atá ag athrú. Léiríodh go bhfuil níos mó comhoibrithe idir ranna agus gníomhaireachtaí rialtais atá freagrach ionas go mbeidh rath leanúnach ag an earnáil, chomh maith le athbhreithniú ar phóisis agus córais iarratais phleanála agus urthrá, Pleanáil Spásúlachta Mhara agus deiseanna oiliúna agus oideachas atá cuí agus oiriúnach don fheidhm chun dul i ngleic le heaspa scileanna san earnáil amach anseo.

Turasóireacht & Fóillíocht Mhuirí & Chósta

Léiríodh i líon suntasach aighneachtaí an cumas forbartha suntasach reatha agus amach anseo atá ag turasóireacht agus fóillíocht mhuirí & chósta (seoltóireacht agus cúrsóireacht, spóirt uisce eile, slatiascaireacht, siúl cósta agus rothaíocht chósta). Rinne roinnt freagróirí tagairt don tábhacht atá ag an earnáil do phobail oileáin agus chósta, go háirithe ar an gCósta Thiar, le fócas ar leith ar oidhreacht mhara na limistéar sin. Mheas roinnt go gcuirfidh an scoilteadh idir na ranna agus na gníomhaireachtaí éagsúla atá freagrach bac ar fhorbairt amach anseo. Moladh go gcuideodh straitéis náisiúnta le fócas áitiúil dul i ngleic leis seo. Léiríodh na príomhshaincheistanna eile seo a leanas: an riachtanas i ndáil le pleanáil chomtháite chun coinbhleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hearnálacha eile, córas pleanála agus ceadúnaithe simplithe; deiseanna oiliúna agus forbairt fiontair cuí; an bonneagar cuí agus comhshaoil mara sláintiúil cosanta le reachtaíocht agus rialúchán atá oiriúnach don fheidhm a sholáthar.

Bia Mara (Iascaigh, Dobharshaothrú, Próiseáil)

Ar an iomlán, léiríodh cumas ollmhór na hearnála bia mara sna haighneachtaí a fuarthas.

Próiseáil Bia Mara

Léiríodh na deiseanna a chuireann eanáil próiseála bia mara na hÉireann ar fáil agus measadh go ginearálta go dtuigeann an eanáil na dúshláin agus na deiseanna agus an riachtanas cuidiú le fostaíocht. Tugadh le tuiscint go bhfuil an eanáil ar an eolas go bhfuil riachtanas ann na héilimh atá in athchóiriú an CFP a chomhlíonadh. Léiríodh in aighneachtaí iarrachtaí le déanaí straitéis fáis a fhorbairt, ag díriú ar luach a chur leis an eanáil trí thorthaí Éireannacha a bhrandáil sa bhaile agus thar lear. Aithníodh nasc tábhachtach i roinnt mhaith aighneachtaí idir an eanáil bhia mara agus turasóireacht mhara agus chósta. I ndáil le próiseáil bia mara, moladh gur chóir do chosaint an chomhshaoil a bheith mar phríomhghné amach anseo. Measadh gur réimse thábhachtach le cumas fáis é réimse na próiseála bia mara breisluacha agus an táirgthe orgánaigh. Moladh gur chóir leibhéal an taighde agus na forbartha a ardú san eanáil trí thacaíocht ó gníomhaireachtaí stáit. Measadh freisin go bhfuil cúrsaí oiliúna oiriúnaithe agus cúnamh le forbairt gnó riachtanach.

Iascaigh

Moladh go bhfuil gá le níos mó rannpháirtíochta ó na geallsealbhóirí i próiseas bainistithe iascaigh, le haighneachtaí ag aibhsiú an riachtanas maidir le hionadaíocht níos fearr ag leibhéal na hEorpa chun dul sa tóir ar athchóiriú uailmhianach ar an CFP, a léiríonn leasanna Éireannacha. Aithníodh go bhfuil sé riachtanach úinéireacht ár n-acmhainní iascaigh a thabhairt ar ais do phobail áitiúla, nó do chomhlachtaí náisiúnta chun an eanáil agus leas na bpobal sin a chothú. Léiríodh go bhfuil bonneagar cuí riachtanach i láithreacha áirithe chun eanáil an iascaigh a thacú, agus freisin an riachtanas níos mó acmhainní taighde a dháileadh ar iniúchadh leibhéil stoic agus uirlisí caomhantais. Pléadh in aighneachtaí an riachtanas i ndáil le breathnú ar chosaint an chomhshaoil mar chumasóir fáis, seachas bac ar fhás. Ar deireadh, moladh gur chóir toirmeasc a choinneáil ar iascaireacht tráchtála le haghaidh bas chun an cúnamh a thugann slatiascaireacht don gheilleagar a chothú.

Dobharshaothrú

Léiríodh réimsí na feirmeoireachta éisc agus sliogéisc mar phríomhréimsí fáis amach anseo a d'fhéadfadh deiseanna fostaíochta ar mhórsála a ghiniúint. Thug roinnt dos na haighneachtaí le tuiscint go bhfuil luach íseal agus cinéalacha deiseanna fostaíochta íseal leibhéil ag baint le do Bharshaothrú. Aithníodh go bhféadfadh fás san eanáil seo fás a chruthú in eanáil eile (m.sh. tógáil árthaí agus seirbhísí tacaíochta). Aithníodh baic thromchúiseacha ar fhás, lena n-áirítear; easpa intinne láidir ón rialtais; riachtanas le haghaidh próiseas ceadúnaithe níos éifeachtaí; easpa cuidiú ón bpobal (lena n-áirítear tacaíochtaí airgeadais) do thionscnaimh ghnó; agus iarracht ar thaighde dírithe. Breathnaíodh ar chumas easpórtála torthaí do Bharshaothraithe Éireannacha mar ghné shuntasach, amhail is go mbeadh an cur chun cinn cuí agus an bhrandáil chuí ann—i.e bia mara inbhuanaithe ar ardchaighdeán. Ag cothromú na dtuairimí maidir le cumas forbartha na hearnála bhí údair inmí maidir le hidirghníomhaíocht/hiarmhairtí comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann ar an do Bharshaothrú (m.sh. galair, idirghníomhartha le hiasc fiáin); an riachtanas um monatóireacht chuí maidir le comhlíonadh rialacháin timpeallachta a áirithiú; agus an riachtanas um an gcothromaíocht/idirghníomhaíocht le hearnálacha eile a mheas.

Athnuaiteáin Mhara

Dhírigh roinnt aighneachtaí ar an gcumas suntasach d'Éirinn in earnáil an fhuinnimh in-athnuaite mhara (tonn, gaoth agus taoidmhear) agus léiríodh go bhféadfadh forbairt cumas easpórtála agus tairbhe fhadtéarmach eacnamaíoch dhíreach agus indíreach a chur ar fáil agus go bhféadfadh sé freisin cuidigh le slándáil fuinnimh, beartas maidir le fuinneamh in-athnuaite agus cuspóirí laghdaithe CO₂ na hÉireann. Tugadh léargas sna haighneachtaí ar an méid is gá chun an cumas seo a fhorbairt:

- Aitheantas soiléir ón rialtas ar an deis mar thosaíocht náisiúnta le haghaidh forbartha;
- An Plean um Fhorbairt Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta a fhoilsiú, in éineacht le plean forfheidhmithe atá dírithe agus soiléir;
- Creat beartais cuí, soiléir agus seasmhach chun áit tharraingteach agus shlán d'infheistíocht a chruthú agus a dhearbhu (go hidirnáisiúnta) go bhfuil Éire "ar oscailt le haghaidh gnó"; agus
- Reachtaíocht chumasach chuí, nósanna imeachta pleanála éifeachtacha, córais taraifí/fhioscacha sheasmhacha, deiseanna cuí ar fhorbairt fiontair, bonneagar fisiceach (lena n-áirítear idirnáisc eangaí, áiseanna calafoirt, léarscáiliú ar ghrinneall na farraige agus áiseanna chun fuinneamh a stóráil) agus dreasachtaí le haghaidh infheistíochta.

Chun an méid sin a chothromú, dhírigh aighneachtaí ar an ngá riachtanach chun cosaint an chomhshaoil a áirithiú agus chun pobail áitiúla agus geallsealbhóirí, agus ranna agus gníomhaireachtaí rialtais ábhartha a bheith bainteach i bpróiseas aon fhorbartha. Léiríodh le haighneachtaí an cuidiú a fhéadfaidh earnáil an ardoideachais a thabhairt d'fhorbairt na hearnála (m.sh. saineolas taighde, cúrsaí spriocdhírthe) agus an riachtanas tacaíocht taighde leanúnach a chur ar fáil.

Ola agus Gás Amach ón gCósta

Léiríodh i roinnt aighneachtaí an tábhacht a bhaineann le hola agus gás amach ón gcósta i ndáil lenár soláthar fuinnimh agus lenár bhfás eacnamaíoch. Nochtadh, áfach, tuairimí measctha maidir leis na deiseanna fostaíochta dúchasacha agus tuairisceáin ioncaim don státchiste a d'fhéadfadh forbairtí ola agus gáis a sheachadadh. Cuireadh béim ar rioscaí agus iarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann ar an timpeallacht mhuirí agus ar phobail chósta. Nochtadh tuairimí éagsúla i ndáil leis an méid cur chun cinn agus forbairt (via na gníomhaireachtaí forbartha) ar chóir don stát a dhéanamh ar chumas na hÉireann amach ón gcósta, le roinnt moltaí gur chóir don stát a bheith ina chomhpháirtí le comhlachtaí E&P. Measadh go bhfuil sé riachtanach córas rialúcháin láidir, seasmhach agus éifeachtach a bheith ann chun infheistíocht a mhealladh, cobhsaíocht a léiriú agus cosaint an chomhshaoil mhuirí a áirithiú.

TFC na Mara

Cuireadh béim ar chumas na hearnála seo cuidiú le fás eacnamaíoch trí mhargaí a sheirbhísiú le haghaidh tháirgí agus sheirbhísí TFC na Mara chun earnálacha amhail seirbhísí loingseoireachta agus calafoirt, fuinneamh in-athnuaite, ola agus gás, agus dobharsaothrú a thacú/éascú, agus chun cuidiú le monatóireacht/rialúchán an chomhshaoil mhara. Measadh go bhfuil sé riachtanach braisle TFC na Mara a fhorbairt chun an cumas seo a bhaint amach, ag tógáil ar acmhainn taighde atá ann cheana agus bonneagar tástála agus taispeántais (m.sh. Smartbay, IMERC).

Biteicneolaíocht Mhara/Bianna Feidhmeacha/Feamainn

Léirigh na haighneachtaí, an cumas a bhaineann le ár n-acmhainní biteicneolaíochta mara a shaothrú ar bhealach inbhuanaithe nuálaíoch le haghaidh táirgí agus próisis árdlucha. Aithníodh biteicneolaíocht, bianna feidhmeacha agus feamainn mar phríomhréimsí le haghaidh forbartha i ndáil leis seo. Measadh go bhfuil sé riachtanach tógáil ar na hinfeistíochtaí le déanaí i dtaighde, eolas agus nuálaíocht chun na deiseanna san earnáil a bhaint amach. Measadh go bhfuil sé riachtanach tacú le forbairt an dobharsaothraithe feamainne agus le réiteach saincheistanna ceadúnaithe le haghaidh dobharsaothráil feamainne agus baint fhiáin.

Mianadóireacht Aigéin agus Hiodráití Gáis

Dhírigh líon beag de na haighneachtaí ar mhianadóireacht aigéin agus hiodráití gáis, ag léiriú mhéid an mhargaidh agus chumas na hearnála. Moladh go bhféadfaí teicneolaíocht phaitinnithe atá ann a úsáid chun mianraí, miotail agus hiodráití gáis a eastóscadh amach ó chósta na hÉireann. Nochtadh an riachtanas infheistíocht a dhéanamh i bhfórsa saothair oilte agus i dtaighde ghaolmhar chun leas a bhaint as an gcumas seo.

Conclúid

D'aontaigh roinnt d'aighneachtaí an chomhairliúchán go bhfuil Plean Comhtháite Mara ag teastáil chun "feidhm a bhaint as Saibhreas Ár nAigéin a stiúradh, chun an timpeallacht a chur i gceart le haghaidh infheistíochta agus chun leas a bhaint as cumas ár ngeilleagair mhara le poist a chruthú ar bhealach inbhuanaithe." Tá tuarascáil níos mionsonraithe ar fáil freisin ar an aiseolas ón gcomhairliúchán (Saibhreas Ár nAigéin; Do Thuairimí) ag <http://www.ouroceanwealth.ie>